C/2025/598

23.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11592 – ROQUETTE / IFF PHARMA SOLUTIONS BUSINESS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/598)

1. An 14 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Roquette Frères S.A. ('Roquette', an Fhrainc),

— Roinn na réiteach cógaisíochta agus roinnt línte táirge de roinn an bhia (an 'spriocghnó') atá ina gcuid de International Flavors and Fragances Inc. ('IFF', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Roquette rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an spriocghnó ina iomláine ó IFF.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Roquette gníomhach i dtáirgeadh agus i ndíol comhábhar plandabhunaithe, támhán, agus próitéiní plandaí le haghaidh feidhmeanna éagsúla,

— Díríonn an spriocghnó go príomha ar tháirgeadh agus ar dhíol raon ceallalós agus cineálacha eile támhán cógaisíochta plandabhunaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11592 – ROQUETTE / IFF PHARMA SOLUTIONS BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').